

Tír neamhspleách

Ceist 1 Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuairisc faoi reifreann ar neamhspleáchas in Albain. Sula bhféachann tú ar an tuairisc an féidir leat féin agus an duine in aice leat na téarmaí / frásaí Gaeilge a aimsiú de na focail seo thíos:

1. British Prime Minister
2. Scottish First Minister
3. in which the terms are laid out
4. in so far as
5. U-turn
6. supports
7. can't be measured
8. complicated and heated
9. as head of state
10. that it would not be worth it

Anois féach ar an tuairisc cúpla uair - an raibh an ceart agaibh?

Ceist 2 Féach ar an tuairisc uair amháin eile agus scríobh féin agus an duine in aice leat achoimre - ná téigí thar chúig abairt.

Ceist 3 Féach ar an tuairisc arís agus freagair na ceisteanna seo:

- (1) Cén áit ar shínigh David Cameron agus Alex Salmond an t-aontú?
- (2) Cad í an cheist a bheidh sa reifreann?
- (3) Luann Peadar Ó Muircheartaigh 'athrú ó bhonn', cad é atá i gceist aige?
- (4) Cén fáth a gceapann David Cameron nárbh fhiú d'Albain neamhspleáchas a bhaint amach?

Ceist 4. '*...is é sin....*'

(a) Cuir na ceisteanna seo ar an duine in aice leat:

Conas atá tú?
Cad is ainm duit?
Cé as duit?
An dalta scoile tú?
Cá bhfuil tú i do chónaí?

(b) Cad iad na ceisteanna thuas a mbaineann an briathar **Bí** leo agus cad iad na ceisteanna a mbaineann **an chopail** leo?

(c) Féach ar na habairtí seo, an féidir leat féin agus an duine in aice leat abairtí ar nós na n-abairtí thíos a chumadh:

Is múinteoir é Seán.
An ceoltóir maith í Máire?
Nach deas an gúna atá ort?

Ní duine deas é Pól.

Ceist 5

Féach ar an sliocht ón script thíos. Déan plé leis an duine in aice leat ar chúiseanna an tséimhithe i gcló dubh.

Lá stairiúil ó **th**aobh na polaitíochta ba ea an lá inniu do **m**huintir na hAlban. **T**hug Príomh-Aire na Breataine David Cameron cuairt ar **p**hríomhchathair na hAlban níos túsce chun téarmaí an reifrinn ar neamhspleáchas na hAlban a aontú le Céad-Aire na hAlban, Alex Salmond. Ó tharla an comhaontú sínithe anois beidh rialtas na hAlban ag díriú ar an reifreann a reáchtáil agus deir David Cameron i nDún Éideann inniu go gcaithfí sin a dhéanamh roimh **d**heireadh na bliana 2014. Ceist amháin a bheas le freagairt ag pobal na hAlban, is é sin, ar **c**heart nó nár **c**heart d'Albain imeacht as an Ríocht Aontaithe.

Ceist 6

Pléigh na ceisteanna seo leis an duine in aice leat nó le do ghrúpa:

- Dá mbeifeá i do chónaí in Albain an mbeadh neamhspleáchas uait, dar leat?
- Cad iad na buntáistí agus na míbhuntáistí a bhainfeadh le neamhspleáchas in Albain, dar leat?
- An gcuirfeadh sé isteach ort dá mbeadh Banríon Shasana ina ceann stáit ar Éirinn go fóill? Cén fáth?

Freagraí

Ceist 1

1. British Prime Minister – *Príomh-Aire na Breataine*
2. Scottish First Minister – *Céad-Aire na hAlban*
3. in which the terms are laid out – *ina leagtar amach na téarmaí*
4. in so far as – *sa mhéid is gur*
5. U-turn – *athrú ó bhonn*
6. supports – *a thacaíonn*
7. can't be measured – *ní féidir a thomhas*
8. complicated and heated question – *casta agus teasaí*
9. as head of state – *mar cheann stáit*
10. that it would not be worth it – *nár bh fhiú*

Ceist 2

Iarr ar gach beirt achoimre a scríobh agus pléigh na tuairimí leis an rang ar fad ansin.

Ceist 3

1. I nDún Éideann in Albain.
2. Ar cheart d'Albain a bheith mar chuid den Ríocht Aontaithe nó nár cheart.
3. Ba é ceann de na téarmaí ar éirigh le Alex Salmond a shocrú le David Cameron ná go mbeadh cead vótála ag daoine ó sé bliana déag ar aghaidh.
4. D'admhaigh Alex Salmond nár mhaith leis bheith mar chuid den euro agus gur mhaith leis go mbeadh an bhanríon mar cheann stáit i gcónaí. Tá an seans ann go mbeadh a leithéid i mbaol agus Albain neamhspleách agus nár bh fhiú mar sin imeacht ón Ríocht Aontaithe.

Ceist 4

Conas atá tú? *Tá mé go maith. (Bí)*

Cad is ainm duit? *Caitlín is ainm dom (is)*

Cé as duit? *Is as Baile Átha Cliath dom (is)*

An dalta scoile tú? *Is ea / Ní hea (is)*

Cá bhfuil tú i do chónaí? *Tá mé i mo chónaí sa Daingean. (bí)*

Mar shampla:

Is dalta scoile í Síle.

An cainteoir dúchais Gaeilge tú?

Nach dona an scéal é sin?

Ní ceoltóir maith é Máirtín.

Ceist 5

ó **th**aobh: Cuirtear séimhiú ar an ainmfhocal tar éis 'ó'

do **m**huintir: Cuirtear séimhiú ar an ainmfhocal tar éis 'do'

Thug: An aimsir chaite

ar **p**hríomhchathair: Cuirtear séimhiú ar an ainmfhocal tar éis 'ar'

roimh **d**heireadh: Cuirtear séimhiú ar an ainmfhocal tar éis 'roimh'

ar **c**heart nó nár **c**heart: An fhoirm cheisteach agus an fhoirm cheisteach dhiúltach den chopail sa mhodh coinníollach.

Ceist 6

Abair leis na foghlaimeoirí na ceistanna a phlé ina mbeirteanna nó i ngrúpaí.

Eimear Ní Chonaola

Tá téarmaí an reifrinn ar neamhspleáchas na hAlban aontaithe idir Príomh-Aire na Breataine agus Céad-Aire na hAlban. I nDún Éideann inniu shínigh David Cameron agus Alex Salmond comhaontú ina leagtar amach na téarmaí. Reáchtálfar an reifreann roimh dheireadh na bliana 2014.

Áine Lally

Lá stairiúil ó thaobh na polaitíochta ba ea an lá inniu do mhuintir na hAlban. Thug Príomh-Aire na Breataine David Cameron cuairt ar phríomhchathair na hAlban níos túisce chun téarmaí an reifrinn ar neamhspleáchas na hAlban a aontú le Céad-Aire¹ na hAlban, Alex Salmond. Ó tharla an comhaontú sínithe anois beidh rialtas na hAlban ag díriú ar an reifreann a reáchtáil agus deir David Cameron i nDún Éideann inniu go gcaithfí sin a dhéanamh roimh dheireadh na bliana 2014. Ceist amháin a bheas le freagairt ag pobal na hAlban, is é sin, ar cheart nó nár cheart d'Albain imeacht as an Ríocht Aontaithe.

Peadar Ó Muircheartaigh, Ollscoil Dhún Éideann

Bhuel, ar ndóigh, ní fios go fóill cén toradh a bheas ar an reifreann, tá, bhí an lá ag Alex Salmond sa mhéid is gur éirigh leis a bhaint amach as an rialtas, as rialtas na Breataine inniu, go mbeidh cead vótála ag daoine atá sé déag agus ag seacht déag, agus ar ndóigh athrú ó bhonn a bheas ansin sa reifreann áirithe sin mar is daoine óga den chuid is mó a thacaíonn le neamhspleáchas na hAlban agus ní féidir i ndáiríre, cén tionchar a bheas aige sin a thomhas ag an bpointe seo.

Áine Lally

Tar éis an comhaontú a shíniú inniu dúirt Príomh-Aire na Breataine gurb é an ceart é d'Albain agus don Ríocht Aontaithe an cheist a chur go simplí agus go díreach – an mian le hAlbain fanacht sa Ríocht Aontaithe nó í féin a scoilteadh ón Ríocht Aontaithe. Ach is ceist í seo atá i ndán a bheith casta agus teasaí go maith do roinnt de phobal na hAlban. Dhá bhliain atá acu cinneadh a dhéanamh.

Peadar Ó Muircheartaigh, Ollscoil Dhún Éideann

Tá Alex Salmond tar éis géilleadh nach bhfuil sé ag iarraidh bheith mar chuid den euro, go mbeidh an bhanríon fós mar cheann stáit agus rudaí ar an gcaoi sin le roinnt míonna agus anois an rud atá á rá ag David Cameron nó, nach mbeidh na buanna seo ag Albain má tá sí neamhspleách agus nárbh fhiú, dá bhrí sin, nárbh fhiú di bheith neamhspleách ar chor ar bith. Áine Lally, Nuacht TG4.

¹ *Chéad-Aire* a deirtear